



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2021

Matamaitic

Páipéar 2

Ardleibhéal

Dé Luain 14 Meitheamh Maidin 9:30 – 12:00

220 marc

Scrúduimhir

<input type="text"/>					
----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------

Lá agus Mí do Bhreithe

<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
----------------------	----------------------	----------------------	----------------------

Mar shampla, cuirtear
3 Feabhra isteach mar 0302

Stampa an Ionaid

<input type="text"/>

Rinneadh coigearcuithe ar scrúdpháipéis 2021 d'fhoill aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chuíteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéis i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

Ná scríobh ar an leathanach seo

Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

Roinn A	Coincheapa agus Scileanna	120 marc	6 cheist
Roinn B	Comhthéacsanna agus Feidhmeanna	100 marc	4 cheist

Freagair na ceisteanna mar a leanas:

- ceithre cheist ar bith as Roinn A – Coincheapa agus Scileanna
- dhá cheist ar bith as Roinn B – Comhthéacsanna agus Feidhmeanna.

Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh.

Is féidir leat peann luaidhe a úsáid i gcás graif agus léaráidí amháin.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh na freagraí go léir sa fhreagarleabhar seo. Tá spás i gcomhair obair bhrefise i gcúl an fhreagarleabhair. Má bhaineann tú úsáid as, lipéadaigh aon obair brefise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an chuid den cheist.

Tabharfaidh an feitheoir cóip den leabhrán *Foirmí agus Táblaí* duit. Caithfidh tú é a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe. Níl cead agat do chóip féin a thabhairt isteach sa scrúdú.

Caillfidh tú marcanna mura mbíonn obair thacaíochta ábhartha san áireamh agat i do réitigh.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na haonaid tomhais chuí sna freagraí, de réir mar a oireann.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na freagraí san fhoirm is simplí, de réir mar a oireann.

Scríobh déanamh agus múnlá d'áireamhá(i)n anseo:

Freagair **ceithre** cheist ar **bith** as an roinn seo.

Ceist 1

(30 marc)

Is daoine cléchosacha iad 15% de dhaonra ar leith.

Tá foireann sacair ina mbeidh 11 imreoir, le cúl báire amháin san áireamh, le roghnú go randamach as an daonra.

- (a) Faigh an dóchúlacht go mbeidh imreoir cléchosach amháin go díreach ar an bhfoireann. Bíodh do fhreagra ceart go dtí trí ionad dheachúlacha.

- (b) Faigh an dóchúlacht go mbeidh **níos lú ná** triúr ar an bhfoireann ina n-imreoirí cléchosacha. Bíodh do fhreagra ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

- (c) Is imreoir cléchosach é an cún báire.
Faigh an dóchúlacht go mbeidh ochtar ar a laghad de na h-imreoirí atá fágtha san fhoireann ina n-imreoirí deaschosacha.
Bíodh do fhreagra ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

A large rectangular grid consisting of 20 columns and 25 rows of small squares, intended for the student to write their answer to part (c) in a clear and organized manner.



Ceist 2**(30 marc)**

- (a) Gabhann an líne $3x - 6y + 2 = 0$ tríd an bpointe $\left(k, \frac{2k+2}{3}\right)$, áit a bhfuil $k \in \mathbb{R}$.
Faigh luach k .

- (b) Tá an pointe $P(s, t)$ ar an líne $x - 2y - 8 = 0$.
Tá pointe P fad 1 aonaid ón líne $4x + 3y + 6 = 0$ freisin.
Faigh luach amháin ar s agus an luach comhfhereagrach ar t .

- (c) Is iad na pointí $A(4, 2)$ and $C(16, 11)$ reanna an triantáin ABC , a thaispeántar thíos.
 Is pointí iad D agus E ar $[CA]$ agus $[CB]$ faoi seach.
 $2 : 1$ is ea cóimheas $|AD| : |DC|$.


(i) Faigh $|AD|$.



(ii) Is mírlínte **cothrománacha** iad $[AB]$ and $[DE]$.

$$|AB| = 33 \text{ aonad.}$$

Faigh comhordanáidí B agus comhordanáidí E .



Ceist 3


(30 marc)

- (a) Is é $C(1, -2)$ lárphointe chiorcal k agus is corda de k é $[AB]$,


áit a bhfuil $|AB| = 4\sqrt{3}$.

Is é an pointe $D(3, 2)$ lárphointe an chorda $[AB]$, mar a thaispeántar thíos.


Faigh ga k . Bíodh do fhreagra san fhoirm $a\sqrt{b}$, áit a bhfuil $a, b \in \mathbb{N}$.



- (b) (i)** Taispeáin go mbíonn na ciorcail c : $x^2 + y^2 + 4x - 2y - 95 = 0$
agus s : $(x - 7)^2 + (y - 13)^2 = 25$ ag teagmháil le chéile go seachtrach.



- (ii)** Tá líon éigríochta ciorcal ann a bhíonn ag teagmháil le ciorcal c go seachtrach
ag an bpointe céanna a mbíonn s ag teagmháil le c .
Faigh comhordanáidí lárphointe ceann amháin de na ciorcail sin, seachas ciorcal s .



Ceist 4**(30 marc)**

- (a) (i) Cruthaigh go bhfuil $\cos 2A = \cos^2 A - \sin^2 A$.


(ii) $\sin \frac{\theta}{2} = \frac{1}{\sqrt{5}}$, áit a bhfuil $0 \leq \theta \leq \pi$.

Bain úsáid as an bhfoirmle $\cos 2A = \cos^2 A - \sin^2 A$ chun luach $\cos \theta$ a fháil.

(b) Réitigh an chothromóid:

$$\tan(B + 150^\circ) = -\sqrt{3},$$


le haghaidh $0^\circ \leq B \leq 360^\circ$.



Ceist 5**(30 marc)**


- (a) Tá dhá dhronchón chiorclacha sholadacha chomhionanna ann a thagann le chéile ar feadh a mbonn, agus a théann go díreach isteach i sféar, mar a thaispeántar sa léaráid.

- (i) Cruthaigh gurb ionann toirt an spáis atá fágtha sa sféar agus díreach leath de thoirt iomlán an sféir.



- (ii) Is é $\frac{686}{3}\pi \text{ cm}^3$ toirt an dá chón le chéile.
Faigh ga ceann amháin de na cóin.

- (b)** Fágann veain seachadta an mhonarcha ag 9.00 a.m.
Taistealaíonn sí i dtreo a ceann scribe ar mheánlusas 60 km/h.
Uair agus 45 nóiméad níos déanaí fágann an dara veain an mhonarcha ar an tslí chéanna.
Taistealaíonn sí ar mheánlusas 95 km/h.
Sroicheann an dá veain a gceann scríbe ag an am céanna.
Faigh an t-am a shroicheann siad a gceann scríbe.



Ceist 6**(30 marc)**

- (a) I gcás go bhfuil dhá thriantán, ΔABC agus $\Delta A'B'C'$, comhchosúil le chéile, cruthaigh go bhfuil faid a sleasa comhréireach in ord:

$$\frac{|AB|}{|A'B'|} = \frac{|BC|}{|B'C'|} = \frac{|CA|}{|C'A'|}.$$


Léaráid:

Tugtha:	
Le Cruthú:	
Tógáil:	
Cruthú:	

- (b)** Sa léaráid thíos, tá na línte PA , HK , agus BR comhthreomhar le chéile.

Cruthaigh go bhfuil $|AH| \times |QB| = |AP| \times |HB|$.

Tabhair cúis le gach ráiteas céimseatúil a úsáideann tú.



Freagair **dhá** cheist **ar bith** as an roinn seo.


**Ceist 7
marc)**

Sa léaráid (Trianntán ABC)
taispeántar na 3 roinn atá i gcúrsa
trí-atlain leibhéalta.

Chun an trí-atlan a chríochnú, caithfidh gach
iomaitheoir 4 km a shnámh ó C go dtí B , dul ar rothar ó B go dtí A ,
agus ansin 28 km a rith ó A go dtí C .

Is féidir le Máire rothaíocht a dhéanamh ar mheánlugas 25 km/uair.

Tógann sé 1 uair agus 12 nóiméad uirthi rothaíocht a dhéanamh ó B go dtí A .




- (a) Taispeáin gurb é 62 km **fad iomlán** an chúrsa.

- (b) Ar an meán, tá Máire ábalta rith 5·6 oiread chomh tapa is atá sí ábalta snámh.


Tógann sé 4·8 uair an chloig uirthi an cúrsa a chríochnú.

Faigh a meánlugas snámha ina km/h.


- (c) Taispeáin go bhfuil $|\angle ACB| = 116.5^\circ$, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.



- (d) Chun cloí le rialacháin sábháilteachta, is gá an réigiún laistigh den chúrsa triantánach a choimeád saor ó dhaoine. Faigh achar an réigiúin sin.
Bíodh do fhreagra, ina km^2 , ceart go dtí ionad deachúlach amháin.





- (e) Faigh an fad is gaire ó phointe C go dtí an slios AB.
Bíodh do fhreagra ina km, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.



Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.

- (f) Breathnaítear an cúrsa ó thúr ceamara a éiríonn go ceartingearach ó phointe A . Is é pointe T barr an túir. Is é uillinn airde T ó B ná $0\cdot05^\circ$. Faigh $|AT|$, airde cheartingearach an túir. Bíodh do fhreagra ceart go dtí an méadar is gaire.



Ceist 8**(50 marc)**


- (a) Rinne daltaí na Chéad Bhliana go léir i scoil scrúdú mata comhleibhéis.
Bhí dáileadh normalach ar na torthaí, ina luachanna slánuimhreach,
le meán 176 marc agus diall caighdeánach 36 marc.
Rachaidh an 10% is fearr a n-éiríonn leo ar aghaidh go dtí comórtas mata contae.
- (i) Faigh an t-íosmharc is gá a bhaint amach sa scrúdú chun dul ar aghaidh
go dtí céim an chontae.

- (ii) Bhronn an scoil *Teastas le Tuillteanas* ar dhalta ar bith a fuair marc ó 165 go dtí 210.
Faigh an céatadán de dhaltaí na Chéad Bhliana a fuair an *Teastas le Tuillteanas*.

Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.


- (b)** De réir tuairisc nuachtáin, chaith daltaí 6ú bliain na hÉireann 21 uair an chloig ar an meán sa tseachtaí i mbun staidéir, lasmuigh den am ranga. Rinne rang Ardteistiméireachta suirbhé ar 60 dalta ón 6ú bliain, a roghnaíodh go randamach, as scoileanna éagsúla. Fuair an suirbhé amach go ndearnadh 19·8 uair an chloig staidéir ar an meán agus gurb é 5·2 uair an chloig an diall caighdeánach.

(i) Faigh an staitistic thástála (an z-scór) don mheán samplaí sin.




(ii) Faigh p -luach na staitistice tástála sin. I gcás go ndéantar tástáil hipitéise dhéfhoircneach ag an leibhéal suntasachta 5%, déan trácht ar an tatal is féidir a bhaint as a luach maidir leis an méid a dúradh sa tuairisc nuachtáin.

p-luach:



Tátal:



- (c) Tá bosca ag feighlí na scoile ina bhfuil 23 eochair sheomra. Is do sheomraí ginearálta iad 12 cheann de na heochracha, is do shaotharlanna eolaíochta iad 6 cinn díobh agus is d'oifigí iad 5 cinn díobh.

- (i) Tarraingeofar 4 eochair go randamach as an mbosca.

Cad é an dóchúlacht gurb í an 4ú heochair a tharraingeofar an chéad eochair oifige a tharraingeofar?

Bíodh do fhreagra ceart go dtí 4 ionad dheachúlacha.


- (ii) Cuirfear na heochracha go léir ar ais sa bhosca. Ansin tarraingeofar 3 eochair go randamach as an mbosca, ceann i ndiaidh a chéile, gan iad a chur ar ais ann. Cad é an dóchúlacht gur do sheomra ginearálta a bheidh ceann amháin díobh, gur do shaotharlann eolaíochta a beidh ceann amháin díobh agus gur d'oifig a bheidh ceann amháin díobh?

Bíodh do fhreagra ceart go dtí 4 ionad dheachúlacha.

Ceist 9**(50 marc)**

- (a) Eitlíonn eitleán soir ó phointe A ar feadh 2 uair an chloig ar luas tairiseach 420 km san uair go dtí go sroicheann sé pointe B. Athraíonn sé treo ansin trí aghaidh a thabhairt 20° ó dheas, ar an luas céanna, go dtí go sroicheann sé pointe C, mar a thaispeántar sa léaráid thíos. Is é 1450 km an fad díreach ó A go dtí C, agus tá $|\angle BAC| = 8.57^\circ$.

- (i) Faigh amach cé mhéad ama a thóg an eitilt ó B go dtí C.
Bíodh do fhreagra ceart go dtí an nóiméad is gaire.



- (ii) Is é 3.8 lítear sa soicind an méid breosla a chaitheann an t-eitleán ar an meán, agus is é 100 000 lítear toilleadh breosla an eitleáin.
Taispeán go mbeidh an t-eitleán in ann an turas ó A go B go C agus díreach ar ais go A a chríochnú ar luas 420 km/h gan gá le hathbhreoslú.

- (b) Tugtar an voltas, $V(t)$, (ina Voltaí) atá ag sruth ailtéarnach áirithe de réir na feidhme:

$$V(t) = 110\sqrt{2} \sin(120\pi t),$$


áit a bhfuil t ina shoicindí.

- (i) Faigh peiriad agus raon fheidhm $V(t)$.

Peiriad:		Raon:	
----------	--	-------	--


- (ii) Déan sceitse den fheidhm le haghaidh $0 \leq t \leq p$, áit arb é p peiriad $V(t)$.

Taispeáin peiriad agus raon na feidhme ar do ghraf.



- (iii) Bain úsáid as $V(t)$ chun an voltas a fháil nuair atá $t = 6.67$ soicind.

Bíodh do fhreagra ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.



Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.

(iv) Faigh luach amháin ar t , áit arb é 110 Volta an voltas.

Bíodh do fhreagra san fhoirm $\frac{a}{b}$, áit a bhfuil $a, b \in \mathbb{N}$.

(v) Faigh ráta athraithe an voltais nuair atá $t = 2$ shoicind.

Bíodh do fhreagra ceart go dtí an t-aonad is gaire.

Ceist 10**(50 marc)**


Tugtar “deontóirí uilíocha” ar dhaoine a bhfuil ful O diúltach acu toisc gur féidir a gcuid fola a thabhairt do dhuine ar bith eile. In Éirinn tá cineál fola O diúltach ag 8% go neasach den daonra. (Foinse: Seirbhís Fuilastriúcháin na hÉireann).

- (a) (i) I gclinic deonaithe fola, tugann deichniúr deontóirí roinnt fola, duine i ndiaidh a chéile. Faigh an dóchúlacht gurb é an deichiú duine an tríú deontóir O diúltach. Bíodh do fhreagra ceart go dtí ceithre ionad dheachúlacha.


- (ii) I gclinic deonaithe fola, tá cúigear chun ful a dheonú. Cad é an dóchúlacht go ndéanfaidh ar a laghad duine amháin den chúigear ful O diúltach a dheonú? Bíodh do fhreagra ceart go dtí ceithre ionad dheachúlacha.

Leanatar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.

- (iii) Faigh an t-fíoslón deontóirí fola is gá, chun gur níos mó ná 0·97, an dóchúlacht go mbeidh an cineál fola atá O diúltach ag ar a laghad duine amháin díobh.

A large rectangular grid consisting of 20 columns and 25 rows of small squares, intended for students to work out their calculations for part (iii).

- (b) Tá fadhb ag úinéir tí leis an gcóras téimh ina teach. Fuair pluiméir amach go mbaineann an fhadhb le páirt lochtach. Tá a fhios ag an úinéir tí go réiteofar an fhadhb in 80% de na cásanna má dheiseofar an pháirt, agus go gcosnóidh an deisiúchán sin €70. Muna n-éireoidh leis an deisiúchán, beidh uirthi páirt nua a chosnaíonn €150 a cheannach, agus beidh costas breise saothair €80 ann chun an pháirt nua a chur in áit na sean-pháirte. Faigh luach ionchais an chostais a bhaineann leis an gcóras lochtach sin a dheisiú.

A large rectangular grid consisting of 20 columns and 25 rows of small squares, intended for students to work out their calculations for part (b).

- (c) De réir polasaí árachais saoil, íocatar amach €120 000 má fhaigheann sealbhóir an pholasaí bás agus €40 000 má thagann sealbhóir an pholasaí chun a bheith faoi mhíchumas.
- Tá an comhlacht árachais tar éis a ríomh, i gcoitinne, in aon bhliain ar leith, gurb é 0·0001 dóchúlacht an bháis agus gurb é 0·002 dóchúlacht an mhíchumais.
- Tá 18 000 sealbhóir polasaí ar na leabhair ag an gcomhlacht faoi láthair, ar a ngearrtar an phréimh chéanna. Tá sé de sprioc ag an gcomhlacht brabús €900 000 a dhéanamh i mbliain ar leith. Faigh an phréimh bhliantúil is cóir don chomhlacht a ghearradh ar a chustaiméirí, ar préimh í a ghinfeadh an leibhéal sin brabús le linn bliain mheánach.

A large rectangular grid consisting of 20 columns and 25 rows of small squares, intended for the student to write their answer to the question.

Leathanach le haghaidh obair bhreise.

Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an chuid den cheist.

A large rectangular grid of squares, approximately 20 columns by 30 rows, enclosed in a black border. The grid is intended for children to practice their handwriting by filling it with letters or words.

Leathanach le haghaidh obair bħreise.

Lipéadaigh aon obair bħreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an chuid den cheist.

A large rectangular grid of small squares, intended for handwriting practice. It consists of approximately 20 columns and 25 rows of squares, providing a structured area for writing.

Leathanach le haghaidh obair bħreise.

Lipéadaigh aon obair bħreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an chuid den cheist.

A large rectangular grid of small squares, intended for children to practice their handwriting by writing the letters of the alphabet or simple words within the lines.

Leathanach le haghaidh obair bħreise.

Lipéadaigh aon obair bħreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an chuid den cheist.

A large rectangular grid of small squares, intended for handwriting practice. It consists of approximately 20 columns and 25 rows of squares, providing a clear guide for letter height and placement.

Ná scríobh ar an leathanach seo

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000)*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

Matamaitic Páipéar 2

Dé Luain 14 Meitheamh

Maidin 9:30 – 12:00